C/2025/4849

27.8.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12139 — CVC / PAG / AUSTRALIAN VENUE CO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4849)

1. An 18 Lúnasa 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— CVC Capital Partners plc ('CVC plc', Geirsí),

— PAGAC IV-I Pte. Ltd. ('PAGAC', Singeapór), faoi rialú PAG (Oileáin Cayman),

— Australian Venue Co Limited ('AVC', an Astráil).

Gheobhaidh CVC plc agus PAG rialú comhpháirteach ar AVC de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta phoiblí theoranta é CVC plc a bhfuil a scaireanna liostaithe ar Stocmhalartán Euronext Amstardam agus a ligtear a scaireanna isteach ann chun a dtrádála. Déanann CVC plc, agus roinnt fochuideachtaí dá chuid ó am go ham, comhairle infheistíochta a sholáthar do chistí agus meáin infheistíochta áirithe a bhfuil leasanna acu i roinnt cuideachtaí atá gníomhach i dtionscail éagsúla ar fud an domhain agus/nó déanann sé infheistíochtaí a bhainistiú thar ceann na gcistí agus na meán sin, lena n-áirítear i seirbhísí airgeadais, ceimiceáin, fóntais, monaraíocht, miondíol agus dáileadh, san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise,

— Is cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna é PAGAC, atá faoi rialú deiridh PAG. Is gnólacht infheistíochta Áiseach é PAG a bhainistíonn ilaicmí sócmhainní, lena n-áirítear cothromas príobháideach, fiachas príobháideach, réadmhaoin agus cistí fálaithe.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó AVC: Is grúpa fáilteachais é AVC a bhfuil a cheanncheathrú in Melbourne na hAstráile, a bhfuil os cionn 240 teach tábhairne, beár, bialann agus ionad imeachtaí ar fud na hAstráile agus na Nua-Shéalainne á n-oibriú aige.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12139 — CVC / PAG / AUSTRALIAN VENUE CO

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË